

An Geall (le Liam Mac Uistín)	
1.	Nuair a thug sí cuireadh ar ais chun a hárasáin dó, ghlac sé leis go fonnmhar.
2.	D'fhág sé slán ag a chompánaigh, lig air nár thug sé a sméideadh is a gcuid ráiteas graosta faoi deara, agus threoraigh amach í go dtí an áit ina raibh an Porsche páirceáilte aige.
3.	Bhí a hárasán suite i dteach ard maorga i gceantar an-saibhir den chathair.
4.	Bhí an troscán daor agus rachfá go béal na mbróg sna cairpéid dhoimhne.
5.	'Suigh, a thaisce, agus lig do scíth,' a dúirt Ciara leis de glór binn íseal.
6.	Shiúil sí anonn chuig cornchlár ar a raibh buidéil agus gloiní ina seasamh i ndlúthchipí.
7.	'Cad a ólfaidh tú?'
8.	'Táim sách faoi láthair,' a d'fhreagair Colm.
9.	'Seafóid! Caithfidh tú deoch a ól ar do chéad chuairt ar mo phálás anseo,' a dúirt Ciara le gearrgháire.
10.	'Ullmhóidh mé <i>pina colada</i> duit.'
11.	Chrom sí ar bhuidéil a chroitheadh agus ar dheochanna a mheascadh.
12.	Ansín thug sí gloine dó ina raibh léacht ina lú faoi mhionscáth gréine.
13.	'Cuirfidh sin an ghruaig ag fás ar do bharraicíní,' a dúirt sí.
14.	Chuir sí dlúthdhiosca rómánsach ar siúl.
15.	Dhamhsaigh sí anonn chuige agus shuigh sí taobh leis ar an tolg.
16.	Chuimil sí a grua go mall lena ghrua.
17.	Thug Colm iarraidh ar a blús a oscailt ach theip air greim a bhreith ar na cnaipí.
18.	'Ól siar é,' a dúirt Ciara de chogar mealltach a chuir eiteoga ar a chroí.
19.	Bhain sé súimín as an deoch.
20.	Bhí blas deas milis air.
21.	D'ól sé a raibh sa ghloine.
22.	Tháinig mearbhall air go tobann.
23.	Mhothaigh sé é féin ag titim isteach i bpoll domhain dorcha.

An Geall (le Liam Mac Uistín)		
1.	Nuair a thug sí cuireadh ar ais chun a hárasáin dó, ghlac sé leis go fonnmhar.	When she invited him back to her apartment, he accepted eagerly.
	a. an t-árasán / an árasáin	the apartment / of the apartment
	b. Thug mé cuireadh chun m'árasáin dó.	I invited him to my apartment.
	c. Thug tú cuireadh chun d'árasáin dó.	You invited him to your apartment.
	d. Thug sé cuireadh chun a árasáin dó.	He invited him to his apartment.
	e. Thug sí cuireadh chun a hárasáin dó.	She invited him to her apartment.
	f. Thug muid cuireadh chun ár n-árasáin dó.	We invited him to our apartment.
	g. Thug sibh cuireadh chun bhur n-árasáin dó.	You invited him to your apartment.
	h. Thug siad cuireadh chun a n-árasáin dó.	They invited him to their apartment.
2.	D'fhág sé slán ag a chompánaigh, lig air nár thug sé a sméideadh is a gcuid ráiteas graosta faoi deara, agus threoraigh amach í go dtí an áit ina raibh an Porsche páirceáilte aige.	He said goodbye to his companions, pretended that he didn't notice their winking and their vulgar speech, and led her out to the place where he had his Porsche parked.
	a. Lig sé air go raibh sé ina chodladh.	He pretended to be asleep.
	b. Lig sí uirthi nach raibh sí sa bhaile.	She pretended not to be at home.
	c. Lig mé orm gur ith mé an ceapaire.	I pretended that I ate the sandwich.
	d. Lig mé orm nár chuala mé dada.	I pretended I didn't hear anything.
	e. Ar thug tú faoi deara é?	Did you notice it?
	f. Thug. Thug mé faoi deara é.	Yes. I noticed it.
	g. Nár thug tú faoi deara é?	Didn't you notice it?
	h. Níor thug. Níor thug mé faoi deara é.	No. I didn't notice it.
	i. an áit ina bhfuil sé	the place in which it is
	j. an áit ina raibh sé	the place in which it was
	k. an áit inar fhág mé é	the place in which I left it
3.	Bhí a hárasán suite i dteach ard maorga i gceantar an-saibhir den chathair.	Her apartment was located in a high stately house in a very rich area of the city.
4.	Bhí an troscán daor agus rachfá go béal na mbróg sna cairpéid dhoimhne.	Her furniture was expensive and you would go to the top of your shoes in the deep carpets.
	a. sa chairpéad domhain	in the deep carpet
	b. sna cairpéid dhoimhne	in the deep carpets
5.	'Suigh, a thaisce, agus lig do scíth,' a dúirt Ciara leis de glór binn íseal.	'Sit, dear, and relax,' Ciara said to him with a low sweet voice.
	a. lig do scíth	relax
	b. lig mé mo scíth	I relaxed

An Geall (le Liam Mac Uistín)	
6.	Shiúil sí anonn chuig cornchlár ar a raibh buidéal agus gloiní ina seasamh i ndlúthchipí.
	She walked over to a sideboard where bottles and glasses were standing in serried ranks.
	a. an áit ar a bhfuil sé the place on which it is
	b. an áit ar a raibh sé the place on which it was
	c. an áit ar ar fhág mé é the place on which I left it
7.	‘Cad a ólfaidh tú?’
	‘What will you drink?’
	a. An ólfaidh tú an bheoir? Will you drink the beer?
	b. Ólfaidh. Ólfaidh mé an bheoir. Yes. I’ll drink the beer.
	c. Nach n-ólfaidh tú an fíon? Won’t you drink the wine?
	d. Ní ólfaidh. Ní ólfaidh mé an fíon. No. I will not drink the wine.
8.	‘Táim sách faoi láthair,’ a d’fhreagair Colm.
	‘I’m full at present,’ answered Colm.
	a. Tá sé sách te inniu. It’s quite warm today.
9.	‘Seafóid! Caithfidh tú deoch a ól ar do chéad chuairt ar mo phálas anseo,’ a dúirt Ciara le gearrgháire.
	‘Ridiculous! You have to drink a drink on your first visit to my palace here,’ said Ciara with a short laugh.
	a. an chéad b huachaill the first boy
	b. an chéad ch ailín the first girl
	c. an chéad d uine the first person
	d. an chéad s agart the first priest
	e. an chéad t acsáí the first taxi
	f. an chéad uair the first time
	g. an chéad uair eile the next time
	h. an chéad duine eile the next person
10.	‘Ullmhóidh mé <i>pina colada</i> duit.’
	‘I’ll make a <i>piña colada</i> for you.’
	a. Ullmhaigh deoch dom, le do thoil. Make me a drink, please.
	b. D’ullmhaigh mé deoch duit. I made you a drink.
	c. Táim ag ullmhú dí duit. I’m making a drink for you.
	d. Ullmhaím deochanna duit. I make drinks for you.
	e. Ullmhóidh mé deoch duit. I’ll make you a drink.
	f. Tá deoch ullmhaithe agam duit. I have made you a drink.
11.	Chrom sí ar bhuidéal a chroitheadh agus ar dheochanna a mheascadh.
	She began shaking bottles and mixing drinks.
12.	Ansinn thug sí gloine dó ina raibh léacht ina luí faoi mhionscáth gréine.
	Then she gave a glass to him in which there was a liquid lying below a miniature parasol.
	a. scáth shade, shadow
	b. an fhearhainn / scáth fearhainne rain / umbrella
	c. an ghrian / scáth gréine the sun / parasol

An Geall (le Liam Mac Uistín)		
13.	‘Cuirfidh sin an ghruaig ag fás ar do bharraicíní,’ a dúirt sí.	‘That will set the hair growing on your toes,’ she said.
14.	Chuir sí dlúthdhiosca rómánsach ar siúl.	She started a romantic CD playing.
	a. an ceirnín / an caiséad / an dlúthdhiosca	the record / the cassette / the CD
	b. Cuir an teilifíseán ar siúl.	Turn on the television.
	c. Tá an teilifíseán ar siúl.	The television is on.
	d. Cuir an teilifíseán as.	Turn off the television.
15.	Dhamhsaigh sí anonn chuige agus shuigh sí taobh leis ar an tolg.	She danced over to him and she sat next to him on the couch.
	a. Dhamhsaigh sí anonn chugam agus shuigh sí taobh liom ar an tolg.	She danced over to me and she sat next to me on the couch.
	b. Dhamhsaigh sé anonn chuici agus shuigh sé taobh léi ar an tolg.	He danced over to her and he sat next to her on the couch.
16.	Chuimil sí a grua go mall lena ghrua.	She rubbed her cheek slowly against his cheek.
17.	Thug Colm iarraidh ar a blús a oscailt ach theip air greim a bhreith ar na cnaipí.	Colm tried to open her blouse, but he failed to get a grip on the buttons.
	a. Thug sé iarraidh ar é a dhéanamh.	He tried to do it.
	b. Thug sé iarracht ar é a dhéanamh.	He tried to do it.
	c. Rinne sé iarracht é a dhéanamh.	He tried to do it.
	d. D’éirigh leis é a dhéanamh.	He succeeded in doing it.
	e. Theip air é a dhéanamh.	He failed to do it.
	f. D’éirigh liom é a dhéanamh.	I succeeded in doing it.
	g. Theip orm é a dhéanamh.	I failed to do it.
18.	‘Ól siar é,’ a dúirt Ciara de chogar mealltach a chuir eiteoga ar a chroí.	‘Drink it down,’ said Ciara in an enticing whisper that put wings on his heart.
19.	Bhain sé súimín as an deoch.	He took a sip from the drink.
20.	Bhí blas deas milis air.	It had a nice sweet taste.
21.	D’ól sé a raibh sa ghloine.	He drank what was in the glass.
	a. D’ith sé a bhfaca sé.	He ate [all] what he saw.
	b. Chuala mé a dúirt tú.	I heard [all] what you said.
	c. Sin a bhfuil.	That’s [all] there is.
22.	Tháinig mearbhall air go tobann.	He suddenly got dizzy.
	a. Tháinig tinneas cinn orm.	I got a headache.
	b. Tháinig tart mór air.	He got very thirsty.
23.	Mhothaigh sé é féin ag titim isteach i bpoll domhain dorcha.	He felt himself falling into a deep dark hole.